



Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
National Treasury Management Agency

Tuarascáil An Chiste Carbóin 2024



Cúlra

Bunaíodh an Ciste Carbóin faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007. Ba é an cuspóir a bhí leis ná chun Aonaid Kyoto agus aon ionstraimí nó sócmhainní ar bith eile dá leithéid a cheannach thar ceann an Stáit. Is chun oibleagáidí idirnáisiúnta um athrú aeráide faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe 1992 maidir leis an Athrú Aeráide, faoi Phrótacal Kyoto 1997 leis an gCoinbhinsiún sin agus faoi chomhaontuithe amach anseo nach mór don Stát a chomhlíonadh a bhí mar aidhm ag seo. Tá sé beartaithe go bhforlíonfadh na haonaid a ceannaíodh sa chiste gníomhaíocht maolaithe intíre.

Rinneadh bainistíocht an Chiste a tharmligean chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN). Ainmníodh GBCN mar an gníomhaí ceannaigh chomh maith chun na creidmheasanna riachtanacha a cheannach. Déantar tagairt do chreidmheasanna carbóin sa reachtaíocht mar Aonaid Kyoto.

Sonraítear in alt 6 den Acht um an gCiste Carbóin 2007: “A luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais de chuid na Gníomhaireachta, tabharfaidh an Ghníomhaireacht tuarascáil don Aire faoina gníomhaíochtaí i ndáil le comhlíonadh na bhfeidhmeanna atá tarmligthe di faoin Acht seo le linn na bliana lena mbaineann agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.”

Is í seo an t-ochtú tuarascáil déag don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide faoin Acht um an gCiste Carbóin, agus cumhdaítear an bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 inti.

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Gníomhaireachta

Ceanglaítear ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an “Ghníomhaireacht”) leis an Acht um an gCiste Carbóin 2007 (arna leasú) (an “tAcht”) ráitis airgeadais a ullmhú i dtaca le hoibríochtaí an Chiste Carbóin do gach bliain airgeadais.

Agus na ráitis sin á n-ullmhú, déanann an Ghníomhaireacht:

- beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a cur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin murar cuí sin a dhéanamh;
- imeacht ábhartha ar bith ó na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na cuntais go léir is cuí agus is gnách i dtaca le feidhmíocht a feidhmeanna a tarmligeadh chuici nó a tugadh di a choinneáil i cibé foirm atá forordaithe faoi Alt 5 den Acht. Soláthróidh an Ghníomhaireacht, nuair a iarrfar uirthi amhlaidh a dhéanamh i gcomhréir leis an Acht, ráitis airgeadais dá leithéid agus cibé faisnéis maidir leis na ráitis airgeadais sin mar a cheanglaítear faoin reachtaíocht.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach chomh maith as na sócmhainní atá faoina rialú agus dá réir sin as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Achoimre

Níor tharla aon athrú sa Chiste Carbóin in 2024. Tháinig deireadh leis an réiteach le haghaidh Chinneadh an AE maidir le Comhroinnt Díchill 2013-2020 in 2023 agus chloígh Éire go hiomlán lena hoibleagáidí. I mí Aibreáin 2025, fuair GBCN treoir ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir le cealú deonach na 701,795 aonad atá fágtha ón gciste ar an mbonn nach féidir na haonaid seo a úsáid chun spriocanna reatha laghdaithe astaíochtaí an AE a chomhlíonadh agus nach bhfuil siad bailí lena n-úsáid faoi chreat Chomhaontú Pháras. Tharla an cealú seo ar an 17 Aibreán 2025. Níl aon aonaid fágtha ag an gCiste anois.

Aonaid Charbóin

Cheannaigh GBCN aonaid charbóin le linn na tréimhse 2013-2020, ar threoir ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Bhí sé seo mar chuid den straitéis chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí comhlíonta don tréimhse. Níor cheannaigh GBCN aon aonaid bhreise in 2024.

Bhí aonaid a fuarthas ó infheistíochtaí i dtrí chiste iltaobhacha sa Chiste Carbóin freisin. Rinne an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide na hinfeistíochtaí seo idir 2006 agus 2007. Níor chomhlíon gach aonad a fuarthas ó na cistí inar infheistigh Éire na critéir maidir le húsáid in ESD¹ Mar thoradh air sin, ba é 701,795 líon na gcreidmheasanna carbóin a bhí sa chiste ag deireadh 2024.

Gineadh na haonaid trí infheistíochtaí i gcistí mar a mhionsonraítear sa tábla thíos:

Ciste	Cineál aonaid	Sealbhaíocht ag deireadh 2024
Ciste Bithcharbóin	tCER	636,919
Ciste Carbóin don Eoraip	ERU ó AAU	44,169
Chiste Iltaobhach um Chreidmheas Carbóin	ERU ó AAU	20,707

Díluacháladh na haonaid go náid mar aitheantas ar an bhfíric go ndéanfaí na sealúchais sócmhainní a fuarthas a thabhairt suas ar luach nialasach.

Déantar foráil i bPrótacal Kyoto do 'chealú deonach aonad' – trína bhféadfaidh Páirtí cealú a dhéanamh go deonach nach bhfuil riachtanach faoina rialacha cuntasáíochta. Tá an cinneadh déanta ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus tá treoir tugtha ag an GBCN, go gcuirfí na haonaid Phrótacal Kyoto atá fágtha i seilbh GBCN ar ceal chun feidhm na Gníomhaireachta faoi Phrótacal Kyoto a réiteach ar bhealach trédhearcach. Chuir an Ghníomhaireacht an próiseas seo i gcrích ar an 17 Aibreán 2025, mar eintiteas údaráithe, trí na haonaid a aistriú chuig cuntas cealaithe deonaigh chlárann náisiúnta Phrótacal Kyoto na hÉireann.

Ó dheireadh mhí Aibreáin 2025, níl aon aonaid fágtha sa Chiste Carbóin.

¹ Ní raibh gach aonad de Phrótacal Kyoto incháilithe. D'fhéadfaí creidmheasanna idirnáisiúnta a léiríonn infheistíochtaí i dtionscadail a bhfuil astaíochtaí laghdaithe acu i dtíortha i mbéal forbartha (an Sásra Glanfhorbraíochta) nó i dtíortha tionsclaithe eile (Cur Chun Feidhme ar Bhonn Comhpháirteach) a úsáid i dtreo chomhlíonadh an AE faoi choinníollacha cainníochtúla agus cáilíochtúla áirithe. Déanann an Coimisiún Eorpach liostaí na gcreidmheasanna tionscadail atá incháilithe le haghaidh comhlíonta faoin gCinneadh Comhroinnte Díchill a nuashonrú go rialta. Tá creidmheasanna tionscadail sa liosta dearfach ginearálta ar féidir le gach Ballstát iad a úsáid.

Ráitis

Airgeadais

An Chiste Carbóin

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

Ábhar

Ráiteas ar Rialú Inmheánach	4
Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	7
Ráiteas ar an Staid Airgeadais	9
Cuntas an Chúlchiste	10
Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	11

Ráiteas ar Rialú Inmheánach - Chiste Carbóin

Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an “Ghníomhaireacht”) bainisteoir an Chiste Carbóin (“an Ciste”). Tá Ráiteas na Gníomhaireachta ar Rialú Inmheánach leagtha amach thíos.

Raon Freagrachta

Thar ceann Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (“an Ghníomhaireacht”), aithnímid an fhreagracht atá ar an nGníomhaireacht a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach. Cuireann an fhreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú sa chaoi is go mbeifear in ann é a sheasamh, seachas deireadh ar fad a chur leis. Ní féidir leis an gcóras dá bhrí sin ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go gcoisctear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go mbraitear iad go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht le treoir arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais in 2024.

Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá creat foirmiúil bainistíochta riosca agus rialachais i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht, atá deartha chun tacú le bainistíocht réamhghníomhach riosca. Leagtar amach i mBeartas agus Creat Bainistíochta Riosca agus i gCreat Inghlacthachta Riosca na Gníomhaireachta an inghlacthacht riosca agus na struchtúir agus próisis bainistíochta riosca, agus sonraítear iontu ról agus freagrachtaí na foirne i ndáil le riosca. Is ag an nGníomhaireacht atá an mhaoirseacht agus an chuntasacht deiridh i ndáil le bainistíocht riosca, agus tugann sí treoir ach an Beartas agus an Creat Bainistíochta Riosca agus an Creat Inghlacthachta Riosca a fhaomhadh. Ina dhiaidh sin, deimhníonn an Ghníomhaireacht di féin ar bhonn leanúnach go bhfuil an bhainistíocht feidhmiúcháin ag freagairt do rioscaí ar bhealach iomchuí, agus bíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) ag cabhrú léi i dtaca leis sin. Déanann an Coiste monatóireacht i dtaobh an bhfuiltear ag cloí leis na rialacha maidir le rialachas riosca agus inghlacthacht riosca agus cinntíonn go ndéantar rioscaí a aithint, a mheasúnú, a bhainistiú agus a thuairisciú i gceart.

In 2024, bhí triúr ball den Ghníomhaireacht sa CIR a raibh raon scileanna acu a bhí oiriúnach d’fheidhmeanna an CIR, lena n-áirítear saineolas airgeadais agus iniúcháireachta. Tháinig an Coiste le chéile go foirmiúil ocht n-uaire in 2024.

Déanann Coiste Bainistíochta Riosca Fiontraíochta (ERMC) ar leibhéal feidhmiúcháin maoirsiú ar bhainistiú éifeachtach ar riosca agus ar chomhlíonadh ach príomhchreataí agus príomhbheartais riosca a athbhreithniú agus/nó a fhaomhadh, monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí agus ar rialuithe na heagraíochta agus monatóireacht a dhéanamh ar an bpróifíl riosca trí chéile agus ar na rioscaí straitéiseacha.

Nuashonraíodh an Beartas agus an Creat Bainistíochta agus an Creat Inghlacthachta Riosca in 2024, agus foilsíodh iad agus cuireadh na baill foirne go léir ar an eolas fúthu. Táthar ag súil go gcloífidh an fhoireann go léir leis na ceanglais atá iontu. Bhí clár oiliúna agus feasachta maidir le riosca sa tréimhse tuairiscithe ina thacaíocht ag an neadú bainistíochta riosca.

Creat um Riosca agus Rialú

Soláthraítear le Beartas agus Creat na Gníomhaireachta maidir le Bainistíocht Riosca, i dteannta an Chreata Inghlacthachta Riosca, an mhodheolaíocht agus na próisis lena ndéantar príomhrioscaí a aithint, a mheas agus a bhainistiú agus lena ndéantar monatóireacht agus tuairisciú orthu, agus tá sraith beartas bainistíochta riosca ann chun tacú leo.

Coimeádann aonaid ghnó ar leith agus feidhmeanna corparáideacha na Gníomhaireachta cláir riosca ina ndéantar a bpríomhrioscaí agus a rialúcháin a thaifeadadh agus ina sanntar freagracht as feidhmiú na rialúcháin. Déanann na haonaid ghnó agus na feidhmeanna corparáideacha faoi seach athbhreithniú ar na cláir sin faoi dhó sa bhliain, agus is iad úinéirí na rialúcháin atá iontu a fhianaíonn na rialúcháin sin. Rinne na coistí riosca cuí, an CIR san áireamh, athbhreithniú ar na cláir riosca agus na cláir riosca a cheistiú freisin le linn na tréimhse tuairiscithe.

Rinne an CIR athbhreithniú ar phríomhrioscaí na Gníomhaireachta, agus rinne sé iad a cheistiú, sa tréimhse tuairiscithe, bunaithe ar chleachtadh measúnaithe riosca arna dhéanamh ag an ERMC, le tacaíocht aonaid ghnó agus na feidhmeanna corparáideacha.

Tá timpeallacht rialaithe bhunaithe ag an nGníomhaireacht, faoina ndéantar na nithe seo a leanas:

- Déanann Príomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta údarás agus freagrachtaí airgeadais a tharmligean chuig bainistíocht agus chuig baill foirne na Gníomhaireachta trí úsáid a bhaint as údarás tharmligthe lena sainítear a n-údarás agus a bhfreagrachtaí airgeadais chun gníomhú thar ceann na Gníomhaireachta.
- Tá beartaí agus nósanna imeachta forbartha ag an nGníomhaireacht i ndáil le bainistíocht phríomhghnéithe a gníomhaíochtaí. Déanann na húinéirí gnó athbhreithniú ar na beartaí agus ar na nósanna imeachta sin agus déanann siad iad a nuashonrú lena gcur in oiriúint do phróisis ghnó.
- Tá córas iomchuí bainistíochta airgeadais agus buiséid ag an nGníomhaireacht, lena gcuimsítear rialúcháin ar chuntas infoctha mar aon le tuairisciú rialta ar chostas na Gníomhaireachta agus monatóireacht ar chostas le taobh buiséid don Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin.
- Tá creat tuairiscithe airgeadais bunaithe ag an nGníomhaireacht chun tacú lena ceanglais tuairiscithe sheachtraigh agus reachtúil i ndáil lena gnó.
- Tá córais, nósanna imeachta agus rialúcháin bhunaithe i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht chun a sócmhainní gnó a bhainistiú agus a chosaint, lena n-áirítear sócmhainní réadmhaoin, trealamh agus feithicle.
- Glacann sí céimeanna réasúnta uile a mheastar a bheith cuí le heolas agus córais lena n-áirítear rúndacht, sláine agus barántúlacht an eolais stóráilte ar chórais na Gníomhaireachta a chosaint agus riosca rochtain gan údarú ar eolas ó fhoinsí inmheánacha agus seachtracha a íoslaghú. Baintear amach an chosaint sin trí chaighdeán, beartaí agus rialúcháin aitheanta a chur i bhfeidhm.
- Bhunaigh sé beartas agus nósanna imeachta riosca tríú páirtí chun rioscaí a bhaineann le tríú páirtithe a mheasúnú agus a bhainistiú, lena náirítear faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhíse tríú páirtí criticiúla.
- Tá Creat Cibearshlándála bunaithe ag an nGníomhaireacht chun aithint, measúnú, agus bainistiú na rioscaí cibearshlándála nach mbeadh cosaint ag an nGníomhaireacht orthu a éascú. Soláthraítear Oiliúint rialta ar Fheasacht i measc na Foirne do gach ball foirne den Gníomhaireacht.
- Tá creat leanúnachais gnó i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht d'fhonn a chinntiú go bhfuil ar a cumas cásanna suaiteacha a bhainistiú, boinn theagmhachas a sholáthar, príomhchórais a aisghabháil agus leanúnachas oibríochtaí criticiúla a chothabháil an oiread is féidir, agus gnáthoibríochtaí gnó a thosú arís go tráthúil.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá próisis bunaithe ag an nGníomhaireacht chun monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar éifeachtacht na rialúcháin a dhéantar trína samhail ina bhfuil trí cinn de bhearta cosanta, lena n-áirítear:

- Is leis an chéad beart cosanta, a chuimsíonn aonaid ghnó agus feidhmeanna corparáideacha na Gníomhaireachta, úinéireacht na rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí gnó agus atá freagrach go príomha as rioscaí a bhainistiú ar bhonn laethúil. Cuimsítear leis sin bearta a chur i bhfeidhm chun cloí le beartaí bainistíochta agus inghlacthachta riosca na Gníomhaireachta agus faireachán a dhéanamh air sin, féinmheasúnuithe riosca agus rialála a dhéanamh, imeachtaí oibríochtúla a bhainistiú, agus freagairtí iomchuí a chur i bhfeidhm. Áirítear ann tuairiscí do choistí rialachais riosca na Gníomhaireachta maidir lena rioscaí agus rialúcháin agus imeachtaí oibríochtúla.
- Cuimsítear leis an dara beart cosanta feidhmeanna Riosca agus Comhlíonta na Gníomhaireachta agus tá sé neamhspleách ar bhainistíocht agus ar oibríocht an chéad bhirt. Déanann an fheidhm Riosca maoirsiú ar chomhlíonadh na mbeartas bainistíochta riosca ar fud na Gníomhaireachta, soláthraíonn sí athbhreithniú neamhspleách agus dúshlán ar an gcéad beart cosanta, agus soláthraíonn sí tuairiscí ar rioscaí agus faisnéis do na coistí rialachais riosca éagsúla. Déanann an fheidhm Chomhlíontachta agus an tOifigeach um Chosaint Sonraí comhlíonadh agus feacht ar chosaint sonraí pearsanta a chur chun cinn trí oiliúint, cóid iompair agus beartaí ábhartha a sholáthar. Soláthraíonn siad tacaíocht maidir le comhlíonadh agus cosaint sonraí pearsanta, comhairle agus dúshlán neamhspleách do bhainistíocht an chéad bhirt, agus cuireann siad tuarascálacha rialta faoi bhráid an Choiste Bainistíochta Riosca Fiontraíochta agus CIR.
- Is Iniúchadh Inmheánach an tríú beart cosanta, a chuireann deimhniú neamhspleách rioscabhunaithe ar fáil do phríomhpháirtithe leasmhara maidir le stóinseacht chóras bainistíochta riosca na Gníomhaireachta, maidir lena rialachas, bainistiú riosca ghinearálta agus maidir le dearadh agus éifeachtacht oibríochtúil timpeallacht an rialaithe inmheánaigh faoi chlár oibre pleanáilte ceadaithe ag an CIR. Soláthraíonn an t-iniúcháir inmheánach tuairisciú rialta don CIR maidir le stádas na timpeallachta rialála inmheánaí i gcomhthéacs na n-athbhreithnithe a dhéantar agus stádas na saincheisteanna iniúcháireachta inmheánaí a tháinig chun cinn roimhe seo.

Soláthar

Tá Beartas Soláthair (atá foilsithe ar an láithreán gréasáin) agus Nós Imeachta Soláthair bunaithe ag an nGníomhaireacht. Tá cleachtais soláthair na Gníomhaireachta ag teacht leis na doiciméid sin. Tá plean soláthair corparáideach, bunaithe ar an teimpléad atá foilsithe sa doiciméad creata beartais ón Oifig um Sholáthar Rialtais, i bhfeidhm agus tá sé á chur chun feidhme. Déantar an plean soláthair corparáideach a nuashonrú ar bhonn bliantúil.

Déantar athbhreithniú ar Bheartas Soláthair agus Nós Imeachta Soláthair na Gníomhaireachta ar bhonn leanúnach agus déantar iad a nuashonrú de réir mar a theastaíonn.

Athbhreithniú Bliantúil ar Éifeachtacht


Dearbhaímid go bhfuil nósanna imeachta ag an nGníomhaireacht chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Cuireann obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a mhaoirsíonn a gcuid oibre, agus an ardbhainistíocht taobh istigh de CNOS atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú inmheánach airgeadais bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú na Gníomhaireachta ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

Deimhnímid go ndearna an Gníomhaireacht athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialúchán inmheánach do 2024.

Níor aithníodh aon laigí ar rialú inmheánach i leith an Chiste i ndáil le 2024 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.



Rachael Ingle
Cathaoirleach
Gníomhaireacht Bainistíochta an
Chisteáin Náisiúnta



Gerardine Jones
Cathaoirleach Coiste Iniúchta agus Riosca
Gníomhaireacht Bainistíochta an
Chisteáin Náisiúnta

29 Aibreán 2025

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais



An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Ciste Carbóin

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais Chiste Carbóin ullmhaithe ag an Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Ghníomhaireacht) iniúchta agam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha alt 5 an Achta um Chiste Carbóin 2007. Cuimsítear leis na ráitis airgeadais an cuntas infheistíochta agus eisíocaíochta, an cuntas cúlchiste, an ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais agus nótaí leis na ráitis airgeadais.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas ceart

- ar iarmhéid an Chiste ar an 31 Nollaig 2024,
- agus ar idirbhearta 2024.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) mar a fhógraíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin seo in aguisín an tuairisc seo. Tá mé neamhspleách ón Ghníomhaireacht agus tá mo chuid freagrachtaí eitiúla comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte agam leordhóthanach agus | iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi.

Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Tá eolas eile faoi leith curtha i láthair ag an Ghníomhaireacht leis na ráitis airgeadais i dtaca le hoibríocht an Chiste. Cuimsíonn sé tuarascáil bhliantúil an Ghníomhaireacht lena n-áirítear an ráiteas (maidir le rialachas, tuarascáil na stiúrthóirí) agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo

ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisc a thabhairt ar an eolas sin, agus ar nithe eile faoi leith ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Aibreán 2025

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta

Mar a shonraítear sa ráiteas ar fhreagrachtaí na Ghníomhaireachta, tá comhaltai na Ghníomhaireachta freagrach as

- ráitis airgeadais bhliantúil a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 5 an Achta um Chiste Carbóin 2007
- a chinntiú go dtugtar léargas ceart ar chúrsaí an Chiste ag bheireadh na bliana agus idirbhearta na bliana
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu is cuí nó nach cuí bunús cuntasáiochta an ghnóthais leantaigh a úsáid, agus
- an méid rialaithe inmheánaigh agus a mheasann siad iomchuí a úsáid chun ráitis airgeadais atá saor ó mhíshonrú ábhartha a ullmhú, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 5 an Achta um Chiste Carbóin 2007 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an chiste agus tuarascáil orthu a thabhairt do Thithe an Oireachtais.

Is é cuspóir m'iniúchta dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na

ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaiois nó ar bhotún. Is ardeibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaiocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta míshonrú ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir míshonruithe a dhéanamh de bharr calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá mbeadh súil leis go réasúnta go rachaidis, ina n-aonar nó le chéile, i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíochta a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis an ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus mé á dhéanamh,

- aithníim agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míshonrú ábhartha ar na ráitis airgeadais, bíodh sin de bharr calaoise nó earráide; dearaim agus cuirim i bhfeidhm nósanna imeachta iniúcháireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta ar leor agus cuí í chun bunús a chur faoi mo thuairim. Tá an riosca a chruthaítear nuair nach mbraitear míshonrú ábhartha a eascraíonn as calaois níos airde ná riosca a eascraíonn as earráid, mar gheall go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh inmheánacha, míléirín, nó gabháil i dtreis ar rialú inmheánach.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh atá cuí sa chás áirithe atá i gceist, ach ní chun críche tuairim ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha a chur in iúl.
- Déanaim meastóireacht ar cé chomh cuí agus a bhí na beartaí chuntasáiochta a úsáideadh agus cé chomh réasúnta agus a bhí na meastacháin chuntasáiochta agus na nithe gaolmhara a nochtadh.

- Críochnaím ar oiriúnacht úsáid an bhonn cuntasáiochta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar fhianaise an iniúchta a fuarthas, an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le hamhras mór ar chumas an Chiste leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tátal go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh bainteach sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fuair mé go dtí dáta mo thuairisce. D'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo, áfach, bheith ina gcúis leis an Chiste scor de bheith ina ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar na ráiteas airgeadais trí chéile, na nithe a nochtadh san áireamh, agus cé acu a léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí atá taobh thiar díobh ar bhealach a chuireann i láthair go cóir iad.

Téim i gcomhairle leo siúd atá freagrach as rialachas i ndáil le, i measc nithe eile, an raon agus an t-am atá beartaithe don iniúchadh agus fionnachtana suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha ar rialú inmheánach a shainaithníim i gcaitheamh an iniúchta.

Tuairiscím freisin trí eisceacht má, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim i gcomhair an iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasáiochta le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáiochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlédaíonn mo thuairim ar an gcuntas an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis an gcuntas, agus ní thugaim aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, dá réir sin, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fhaightear i rith an iniúchta, nó más cosúil go ndéanadh míráiteas ábhartha ar bhealach ar bith eile. Má bhainim de tháil as an obair a dhéanaim go bhfuil míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairiscíú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsi speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistíú agus lena n-oibriú. Tuairiscím má shainaithníim ábhair ábhartha maidir leis an gcaoi a ndéanadh gnó poiblí.

Agus iniúchadh ar bun agam, féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím má aithníim aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí i gceist nó nach raibh idirbhearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad.

Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024


	Nóta	2024 € 000	2022 €000
Sócmhainní an Chiste Carbóin	4	-	-
Glansócmhainní an Chiste		-	-

Is bunchuid de na ráitis airgeadais iad na nótaí a ghabhann leo.

Thar ceann na Gníomhaireachta



Frank O'Connor, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta
an Chisteáin Náisiúnta



Rachael Ingle, Cathaoirleach
Gníomhaireacht Bainistíochta
an Chisteáin Náisiúnta

29 Aibreán 2025

Cuntas an Chúlchiste

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

		2024	2023
	Nóta	€ 000	€ 000
Diúscairt agus dí-aitheantas sócmhainní ciste	5	-	-
Gluaiseacht sa Chiste le linn na bliana		-	-
Glansócmhainní ar an 1 Eanáir			
Glansócmhainní ar an 31 Nollaig		-	-

Is bunchuid de na ráitis airgeadais iad na nótaí a ghabhann leo.

Thar ceann na Gníomhaireachta



Frank O'Connor, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta
an Chisteáin Náisiúnta



Rachael Ingle, Cathaoirleach
Gníomhaireacht Bainistíochta
an Chisteáin Náisiúnta

29 Aibreán 2025

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Cúlra

Bunaíodh an Ciste Carbóin faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007 chun Aonaid Kyoto¹ agus aon ionstraimí nó sócmhainní eile den sórt sin a fháil thar ceann an Stáit chun oibleagáidí idirnáisiúnta um athrú aeráide a chomhlíonadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide 1992 (an "Coinbhinsiún"), Prótacal Kyoto 1997 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin ("Prótacal Kyoto") agus comhaontuithe todhchaí a d'fhéadadh an Stát a bheith faoi cheangal acu. Ainmníodh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an "Ghníomhaireacht") mar an gníomhaí ceannaigh thar ceann an Stáit agus riarann agus bainistíonn sí ceannacháin Aonaid Kyoto.

Féadfaidh an Ghníomhaireacht na sásraí seo a leanas a úsáid chun Aonaid Kyoto a cheannach:

- aonaid Kyoto a cheannach díreach ó pháirtithe eile i bPrótacal Kyoto
- infheistíocht dhíreach i dtionscadail an tSásra cur chun Feidhme Chomhpháirtigh agus an tSásra Ghlain Forbartha
- infheistíocht i gcistí bainistithe
- ceannacháin margaidh dhíreach d'Aonaid Kyoto
- nó comhcheangal de chuid dóibh sin nó dóibh uile.

Is féidir Aonaid bharrachais Kyoto arna seilbh ag an Stát ag deireadh na tréimhse gealltanais 2008- 2012 a úsáid i dtréimhse gealltanais Phrótacal Kyoto ina dhiaidh sin nó i gconradh ar bith ina dhiaidh sin. Cuireadh na hidirbhearta cuntasáíochta deiridh don chéad tréimhse gealltanais de Phrótacal Kyoto (2008-2012) i gcrích in 2015. Tugadh na creidmheasanna nár úsáideadh anonn chun iad a úsáid chun gealltanais 2020 na hÉireann faoi Phacáiste Comhtháite um Fhuinneamh agus Cinneadh Maidir le Comhroinnt Díchill (ESD) an Aontais Eorpaigh a bhí mar pháirt de phacáiste Athrú Aeráide 2020 an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh. Chríochnaigh oibleagáidí an Stáit faoin ESD i 2020, ag an am sin lean Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill é. Leis an Rialachán seo, a glacadh i mBealtaine 2018 agus a leasaíodh in 2023, leagtar amach spriocanna ceangailteacha bliantúla maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa do na Ballstáit don tréimhse 2021-2030 agus an dá bhliain sin san áireamh.

2. Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhíodh na ráitis airgeadais de réir alt 5(1)(a) den Acht um an gCiste Carbóin 2007 i bhformáid a d'fhaomh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN). Aithnítear idirbhearta ag baint úsáide as bunús airgid na cuntasáíochta arna choigeartú le haghaidh fabhrúithe do mhéideanna atá dlite agus ó aonáin Rialtais. Is an euro an t-airgeadra tuairiscithe atá curtha in iúl leis an tsiombail €. Sa chás go n-úsáidtear é, cuireann €m milliún in iúl.

3. Beartais Chuntasaíochta

3.1 Sócmhainní an Chiste Carbóin

Léiríonn sócmhainní an Chiste Carbóin infheistíochtaí iontu seo a leanas:

Sealúchais Dhíreacha

Déantar Aonaid Kyoto a cheannaítear a thaifeadadh nuair a sheachadtar iad ar chostais an cheannacháin. Áirítear ar chostas ceannacháin Cáin Bhreisluacha a íocadh agus atá iníoctha i dtaca le ceannach Aonaid Kyoto.

Aonaid Kyoto neamhdhíreacha

Déantar infheistíochtaí in aonaid neamhdhíreacha i gcistí bainistithe. Déantar na hinfeistíochtaí sna cistí sin a thaifeadadh ag costas na hinfeistíochta. Baineann infheistíochtaí dá leithéid le tionscadail um laghdú carbóin a fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh Aonaid Kyoto a tháirgeadh. Ní bheidh fios cá mhéad aonaid ar fad a bheidh ann go dtí dáta amach anseo nuair a bheidh na tionscadail curtha i gcrích.

D'infheistigh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide €20 milliún in 2006 i gCiste Iltaobhach um Chreidmheasa Carbóin a bhunaigh an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha. Níl an infheistíocht sin ina cuid den Chiste ach tá na haonaid a tháirgtear leis na tionscadail a rinneadh san áireamh anseo istigh faoi mar a mhínítear i Nóta 4.

3.2 Cuntas an Chúlchiste

Taifeadtar an t-ioncam carntha a fuarthas nó atá le fáil ón Roinn ábhartha i gCuntas an Chiste. Déantar infheistíochtaí a mhaoiniú ar dtús trí réamhíocaíochtaí in-aisíoctha ón gCiste Lárnach faoi alt 3 den Acht um an gCiste Carbóin 2007 ar feitheamh an t-ioncam sin a fháil.

¹ Tá Aonad Kyoto sainithe san Acht um an gCiste Carbóin 2007 mar "aonad atá coibhéiseach le tona méadrach amháin de dhé-ocsaíd charbóin, arna eisiúint de bhun Phrótacal Kyoto agus na gcinntí arna nglacadh de bhun an Choinbhinsiúin agus Phrótacal Kyoto". Tugtar creidmheasanna carbóin ar Aonaid Kyoto go ginearálta. Déantar foráil sa reachtaíocht le haghaidh Aonaid Kyoto a dhiúscairt le toiliú an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe amháin agus ar cibé téarmaí a shonróidh siad.

3.3 Airgeadra Eachtrach

Déantar na hidirbhearta ar fad in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro ag na rátaí malairte a bhíonn i réim ar dháta na n-idirbheart sin. Déantar gealltanais neamhchistithe le hinfheistíochtaí neamh-euro a aistriú go euro ag baint leas as na rátaí malairte coigríche a bhíonn i réim ag dáta dheireadh na bliana.

3.4 Cánachas

Tá ioncam agus brabúis an Chiste Carbóin díolmhaithe ó cháin chorparáide na hÉireann. Tá ceannach Aonaid Kyoto ag an gCiste Carbóin faoi dhliteanas Cáin Bhreisluacha agus dá bhrí sin breathnaítear ar idirbhearta den sórt sin mar sholáthar seirbhíse arna shainiú in Alt 25(1) den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha 2010. Áirítear CBL a thabhaítear i gcostas ceannaigh shócmhainní an Chiste Carbóin.

3.5 Géilleadh sócmhainní/Tabhairt anonn go dtí an chéad Tréimhse Gealltanais eile

Déantar sealúchais dhíreacha aonaid Kyoto a ghéilleadh ag baint úsáide as an gcéad mhodh amach (FIFO) ina ndéantar sócmhainní a ceannaíodh nó a fuarthas ar dtús a dhiúscairt ar dháta an ghéillte.

Dúnadh ciste na ngabháltas indíreach in 2021. Toisc go ngéillfear sealúchais na sócmhainní a gheofar ón gCiste ag luach nialasach, d'aithníomar é seo agus rinneamar luacháil dá réir ar an sealúchas indíreach.

4. Sócmhainní an Chiste Carbóin

(a) Achoimre ar na Sócmhainní

	2024 € 000	2022 € 000
Sealúchais Dhíreacha	-	-
	-	-

Le linn 2022 géilleadh na sealúchais dhíreacha go léir. Níl aon luach airgeadaíochta ag na sealúchais indíreacha atá fágtha.

Riar an Ghníomhaíocht íocaíochtaí ar son an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i dtaca le Ciste Bithcharbóin an Bhainc Dhomhanda a dhún i 2021. Níltear ag súil go n-eiseofar aon aonaid eile go hÉirinn ón gciste seo.

(b) Creidmheasanna arna Seachadadh agus arna Sealbhú

Líon na gcreidmheasanna carbóin arna seachadadh agus arna sealbhú le Cláríann Aontais an Choimisiúin Eorpaigh amháil an 31 Nollaig:

	2024	2022
Faighte trí Shealúchais Neamhdhíreacha	701,795	701,795
	701,795	701,795

Ar an 31 Nollaig 2024, bhain 20,707 aonad (2023: 20,707) de na 701,795 aonad (2023: 701,795) le creidmheasanna a fuarthas trí infheistíochtaí a rinne an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide sular bunaíodh an Ciste Carbóin. Níl aon luach airgid ag na creidmheasanna seo.

5. Sócmhainní ciste a dhiúscairt agus a dhí-aithint

	2024	2022
	€ 000	€ 000
Géilleadh creidmheasa do shealúchais dhíreacha	-	-
	-	-

Ní dhearnadh aon diúscairt nó dí-aithint ar shócmhainní le linn 2024 nó 2023.

6. Costais Oibriúcháin

Gearrtar costais oibriúcháin an Chiste Carbóin, atá tabhaithe, ar Chuntas Riaracháin na Gníomhaireachta agus íoctar amach as an gCiste Lárnach iad. Is é €niallas (2023: €niallas) an muirear seo in 2024.

7. Dlíteanais Theagmhásacha

Ní raibh dlíteanais theagmhásacha ar bith sa Chiste Carbóin amhail an 31 Nollaig 2024.

8. Teagmhais tar éis na tréimhse tuairiscithe

Ar an 11 Aibreán 2025, d'eisigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide treoir chun cealú deonach a dhéanamh ar na 701,795 aonad de chuid Phrótacal Kyoto atá i gcuntas sealbhaíochta chlárann an Chiste Carbóin faoi láthair, i gcomhréir le rialacha Phrótacal Kyoto. Ós rud é nach raibh aon luach iompair ag na haonaid seo, níl aon tionchar acu ar na ráitis airgeadais.

9. Páirtithe Gaolmhara

(a) An tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe

Faoi Alt 3 den Acht um an gCiste Carbóin 2007, féadfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe airgead a réamhíoc leis an gCiste Carbóin ón gCiste Lárnach, a aisíoctar ón gCiste Carbóin as airgead a chuireann an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ar fáil.

(b) An tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

Faoi Alt 2(3) den Acht um an gCiste Carbóin 2007, déanann an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an Ciste Carbóin a bhainistiú agus a rialú.

(c) Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Faoi Alt 2(4) den Acht um an gCiste Carbóin 2007, tá bainistíocht an Chiste Carbóin tarmligthe don Gníomhaireacht.

Faoi Alt 8 den Acht um an gCiste Carbóin 2007, féadfaidh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, i ndiaidh comhairliúcháin leis an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, treoracha nó treoirínte a thabhairt don Gníomhaireacht maidir le feidhmíocht na bhfeidhmeanna a tarmligeadh chuici nó a tugadh di faoin Acht.

10. Faomhadh na ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Gníomhaireacht na ráitis airgeadais an 29 Aibreán 2025.



Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
National Treasury Management Agency

Treasury Dock,
North Wall Quay,
Dublin 1, D01 A9T8

T +353 1 238 4000
E info@ntma.ie
www.ntma.ie